CAIRDE NA SCOILE
Nuachtlitir
Bealtaine 2021

Fáilte chuig eagrán Bealtaine de Nuachtlitir chairde na Scoile. Tá súil againn go bhfuil gach éinne ag baint sult as an téarma seo agus le gearradh siar ar shrianta Chovid 19.

Ag Bácáil le Chéile.

Ghlac an-chuid agaibh páirt sa Bhácáil le Chéile ar líne agus táimid cinnte gur bhain idir óg is aosta sult as na cístí beaga. Míle buíochas le Florence as an dtaispeántas iontach a chabhraigh go mór leis an imeacht iontach seo.

Comhar Creidmheasa

Mar is eol daoibh tá a lán páistí ag sabháil airgid sa scoil leis an gComhar Creidmheasa. Chun aitheantas a thabhairt dóibh, thug an comhar creidmheasa €500 do Chairde na Scoile. Caithfear an tairgead seo ar thionscnaimh tairbhiúil cosúil le fearas teicneolaíochta. Tá Cairde na Scoile an-bhuíoch as an ndeontas flaithiúil.

Gairdín Scoile

Tá trí bhinse nua sa gairdín. Cuireadh cathaoir sheanachais agus claí sailí isteach sa ghairdín freisin. Beidh na páistí in ann an suíomh a usáid mar rang lasmuigh. Is áit deas é do páistí suaimhneas a ghlacadh i rith an lá scoile gnóthach. Míle buíochas as ucht na hoibrithe deonacha sa chlub gharraíodóireachta a d'fhág an áit chomh ghlan.

Bags 2 School

Beidh bailiúcháin éadaí ar súil arís ar an Deardaoin, 10-06-21. Seo liosta na n-earraí atá ceadaithe sna málaí: éadaí, bróga, málaí láimhe, scaife, carbhait, criosanna agus bréagáin boga. Geobhaidh Cairde na Scoile airgead de réir an méid éadaí a thagann isteach. Faigheann Laura Lynn Foundation 10% den mhéid iomlán airgid freisin. Seo seans maith chun an vardrús a ghlanadh amach réidh don Samhradh.

Níl cead na málaí a thabhairt chun na scoile ach amháin idir 8:30 agus 9:00 ar mhaidin Dhéardaoin, 10-06-21. Is oth linn a rá nach mbeidh an scoil in ann málaí a stóráil i mbliana. Beidh Cairde na Scoile ar fáil ag glacadh le tabhartais ó na caranna an mhaidin seo. Más mian libh, beidh tuistí in ann málaí a thabhairt do na páistí. Beidh duine ó Chairde na Scoile ag glacadh le málaí in aice leis an ionad rothair ar an maidin céanna. Beidh sé tábhachtach go nglacfar leis na rialacha sóisialta maidir le Covid 19 agus go mbeadh mascanna ar gach éinne. Ní bheidh málaí plaisteacha ar fáil ón scoil i mbliana.Tá níos mó eolas ar fáil ceangailte leis an nuachtlitir seo.

Ocáid ag teacht: Caint ar Teacht Aniar le Dr. Stacey Ball, Síceolaí Cliniciúil

Tá athas ar Chairde na Scoile a cur in iúl daoibh go mbeidh Dr. Stacey Ball, Síceolaí Cliniciúil, chun cruinniú a chur ar fáil ar Zoom go luath ag díriú isteach ar teacht aniar na bpáistí. Is ábhar tábhachtach do pháistí agus tuismitheoirí é. Beidh Dr. Ball ag labhairt faoi chonas teacht aniar a chur chun cinn i do pháiste. Cuirfear ar an eolas sibh nuair atá dáta socraithe don chruinniú.

Ocáid ag teacht: Picnic Samhraidh na bPáistí

Tá plean ag Cairde na Scoile cabhair a thabhairt don scoil chun picnic samhraidh a eagrú níos déanaí sa téarma seo. Beidh cead ag na páistí a héadaí samhraidh a chaitheamh ar an lá. Cuirfear rudaí deasa ar fáil dóibh ó Chairde na Scoile freisin. Mar is gnáth, ar laethanta gan éadaí scoile, bheadh Cairde na Scoile an-bhuíoch as deontas a fháil ar líne ó na tuismitheoirí. Cabhróidh an bailiúchán seo le fearas TEC a cheannach sa scoil.

Le meas,
Cairde na scoile

Facebook
For pictures and updates for all our events please like our Facebook page
https://www.facebook.com/CairdeNaScoile